

**Beartas WHOIS maidir le hAinmneacha Fearainn**

## SAINMHÍNITHE

Beidh na Téarmaí a mínítear sna Téarmaí agus Coinníollacha agus/nó na Rialacha um Réiteach Aighneas i gceannlitreacha anseo.

### ALT 1. BEARTAS PRÍOBHÁIDEACHTA

#### 1.1. Próiseáil sonraí pearsanta

Trí Ainm Fearainn a chlárú agus glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha Cláraithe (“Téarmaí agus Coinníollacha”) a ghabhann leis an Ainm Fearainn údaraíonn an Cláraí an Chlárlann sonraí pearsanta agus eile a theastaíonn chun córas an Ainm Fearainn a fheidhmiú a phróiseáil. Comhaontaíonn an Cláraí go sainráiteach gur féidir leis an gClárlann úsáid a bhaint as na sonraí chun an córas a fheidhmiú (ina mbeidh cur síos an Ainm Fearainn, aistriú an Ainm Fearainn chuig Cláraí nua, aistriú Ainm Fearainn amháin nó punann Ainmneacha Fearainn chuig Cláraitheoir nua san áireamh ann) agus gur féidir i ndiaidh cead glan soiléir a fháil ón gCláraí na sonraí a aistriú chuig tríú páirtithe ach amháin:

- (i) má ordaíonn údarás poiblí sin a dhéanamh, de réir a thascanna dlisteanacha,
- (ii) ar éileamh ó Sholáthróir an ADR mar a luaitear in alt 16 de na Téarmaí agus Coinníollacha nó
- (iii) mar a fhoráiltear in alt 2 (áis chuardaigh *WHOIS*) den doiciméad seo.

Tá sé de cheart ag an gCláraí teacht ar a shonraí pearsanta agus socrú a dhéanamh chun iad a leasú, sa chás go mbíonn aon bhotúin ann.

Ní mór don Chláraí an Chlárlann a choimeád ar an eolas tríd an gCláraitheoir maidir le haon athrú ar ainm, seoladh, seoladh r-phoist, uimhreacha gutháin agus facs. D’fhéadfaí deireadh a chur leis an gcomhaontú cláraithe mar thoradh ar theip nó ar mhoill maidir leis an fhaisnéis a sholáthar don Chlárlann.

Ar mhaithe le cruinneas sonraí an chlárúcháin a chinntiú, faoi mar atá riachtanach de réir an Rialacháin/na Rialachán ar mhaithe le cuspóirí riaracháin eile, d’fhéadfaidh sé go gcuirfeadh an Clárlann próiseálaithe sonraí agus fo-phróiseálaithe sonraí ag próiseáil sonraí pearsanta an Chláraí atá i mbunachar sonraí na Clárlainne. Déanfaidh siad é sin i gcónaí ar son na Clárlainne agus de réir mar a threoróidh an Chlárlann dóibh.

## **1.2. Faisnéis a bhaileofar le haghaidh úsáid inmheánach**

Baileofar na sonraí pearsanta seo a leanas le go mbainfidh an Chlárlann úsáid as go hinmheánach (ach amháin go bhfuil sé ar fáil tríd an áis cuardaigh *WHOIS* dá bhforáiltear faoi alt 2 anseo):

- (i) ainm iomlán an Chláraí;
- (ii) ainm teagmhála teicniúil;
- (iii) seoladh poist;
- (iv) seoladh r-phoist;
- (v) uimhir ghutháin;
- (vi) uimhir facs (roghnach);
- (vii) teanga d'imeachtaí ADR, dá dtagraítear i mír 3(a) de na Rialacha um Réiteach Aighneas.

Ní mór gurb é faisnéis an Chláraí a bheadh ann agus ní féidir é a thaifead sa Chlár mar chuid d'ábhar an Chláraitheora, sachfreastalaí nó ionadaí duine nó aonán nach gcomhlíonann Critéir Cáilitheachta Ginearrálta.

## **ALT 2. ÁIS CUARDAIGH *WHOIS***

### **2.1. Réamhrá**

Déanann na Rialacha Beartas Poiblí a cheangal ar an gClárlann áis cuardaigh *WHOIS* a sholáthar ina mbeidh, faisnéis maidir leis an teagmháil riaracháin agus theicniúil a riarann an tAinm Fearainn ar fáil ach an '.eu Domain Name' a chlósscríobh i gceann de na scrípteanna atá ar fáil.

Nuair a chláraítear Ainm Fearainn suíonn an fhaisnéis maidir leis an gclárúchán sin i mbunachar sonraí *WHOIS* leis na rialacha leagtha amach thíos. San áireamh san fhaisnéis a bailítear tá eolas teagmhála an Chláraí, an Cláraitheoir atá i gceist agus sonraí na n-ainmneacha freastalaithe ar a ndáileann an Chlárlann údarás don Ainm Fearainn agus atá leagtha amach in alt 2.4 anseo.

Trí dhul go láithreán Gréasáin na Clárlainne agus an tAinm Fearainn a chlósscríobh in áis cuardaigh *WHOIS*, beidh teacht ar fhaisnéis maidir leis an ainm agus an gCláraí faoi réir na rialacha atá leagtha amach thíos.

Iarrtar ar an gCláraí agus Ainm Fearainn á chlárú aige, glacadh le Téarmaí agus Coinníollacha na Clárlainne a údaraíonn an Chlárlann sonraí pearsanta

---

a chur ar fáil ar a láithreán Gréasáin, mar aon le sonraí teicniúla eile, chun trédhearcacht an chórais Ainm Fearainn a dhearbú i dtreo an phobail.

## **2.2. Aidhm**

Is í an aidhm atá ag an mbunachar sonraí *WHOIS*, mar atá leagtha amach sa chéad mhír d’Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún 28 Aibreán 2004 faisnéis atá réasúnta cruinn agus suas chun dáta a sholáthar ar phointí teagmhála teicniúla agus riaracháin atá ag riar na nAinmneacha Fearainn.

Má tá an Chlárlann ag coimeád faisnéis bhréagach, mhíchruinn nó faisnéis atá as dáta, ní bheifear in ann teagmháil a dhéanamh leis an gCláraí agus d’fhéadfadh sé an ainm a chailliúint. Trí faisnéis mhíchruinn a chur ar fáil d’aon ghnó, bheadh an Cláraí ag sárú na dTearmaí agus Coinníollacha a d’fhéadfadh go mbeadh de thoradh air go gcaillfí an tAinm Fearainn.

## **2.3. Daoine Nádúrtha agus Daoine Dlíteanacha a Aithint**

Iarrtar orthu siúd atá ag iarraidh Ainm Fearainn .eu a chlárú i gceann de na scrípteanna atá ar fáil eolas ar leith a chur ar fáil trí Chláraí creidiúnaithe .eu. I leith ainm an Chláraí tá dhá réimse: ‘Ainm’ is ea an chéad cheann agus ‘Cuideachta’ is ea an dara ceann. Is féidir an dá réimse a líonadh nó díreach an réimse ‘Ainm’.

Mura gcomhlíontar ach an chéad réimse, glactar leis go bhfuil an clárúchán in ainm duine aonair (duine nádúrtha).

Má chomhlíontar an réimse ‘Cuideachta’ glactar leis gurb é an cuideachta an Cláraí. Cinntíonn sé seo nach féidir le haon fhostaí a fhágann nó a dhéantar a scaoileadh go tobann, Ainm Fearainn an chuideachta ‘a choimeád ina ghiall’, agus a dhéanann an tAinm Fearainn a aistriú nó a scriosadh nó a cheanglaíonn é le láithreán Gréasáin eile via an gníomhaire bainistíochta.

## **2.4. Faisnéis foilsithe sa *WHOIS***

Ní mór do gach Cláraí glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha ina n-ú daraíonn an Cláraí an Chlárlann sonraí pearsanta áirithe a fhoilsiú.

- 
- (i) Más duine dlítheanach nó eagraíocht de shórt eile é an Cláraí déanann an Chlárlann an fhaisnéis seo a leanas sa *WHOIS* a fhoilsiú de ghnáth:
- a) ainm, seoladh, uimhir ghutháin agus facs an Chláraí;
  - b) teagmhálaí teicniúil;
  - c) seoladh r-phoist an Chláraí;
  - d) teanga na n-imeachtaí ADR, dá dtagraítear i mír 3(a) de na Rialacha um Réiteach Aighneas;
  - e. sonraí teicniúla (ar nós stádas an Ainm Fearainn nó ainm na soláthróirí).
- (ii) Más duine nádúrtha é an Cláraí

Más duine príobháideach (duine nádúrtha) é an Cláraí ní fhoilsítear ach an seoladh r-phoist amháin, mura n-iarrann siad a mhalairt.

Cuirfidh an Cláraitheoir daoine nádúrtha a chuireann isteach ar Ainm Fearainn ar an eolas go soiléir faoi na féidearthachtaí atá ann seoladh r-phoist feidhmiúil ar leith a chruthú agus a úsáid lena fhoilsiú sa *WHOIS* mar mhalairt ar a seoladh r-phoist pearsanta a úsáid.

Cóiméadfar gach faisnéis eile a bhaileofar le haghaidh úsáid inmheánach amháin faoi réir alt 1.2 anseo. Ní dhéanfar an fhaisnéis seo a nochtadh do thríú páirtithe ach amháin i gcás go bhfuil sé faoi réir alt 2.6 anseo.

## 2.5. Ag cosc mí-úsáid sonraí *WHOIS*

Is féidir teacht ar shonraí *WHOIS* trí ordú téacsúil amháin nó trí áis atá bunaithe ar an nGréasán. Níl san áis téacsúil cuardaigh *WHOIS* ach faisnéis theicniúil, nach mbaineann, áfach, leis an gCláraí.

Chún mí-úsáid sonraí pearsanta atá ar fáil san áis cuardaigh *WHOIS* a chosc, tógann an Chlárlann na céimeanna seo a leanas:

- (i) Soláthraítear cód randamach a ghintear go huathoibríoch do gach duine a sheolann fiosrúchán isteach go *WHOIS* agus ní mór dóibh é seo a chur isteach sula bhfaigheann siad freagra ar na fiosrúcháin. Má sholáthraítear an cód i bhfoirm pictiúir seachas téacs déanfar uathoibriú éasca an chórais le haghaidh mianadóireachta sonraí a chosc.

- 
- (ii) Taispeántar seoltaí r-phoist agus, má tá siad foilsithe, seoltaí poist, uimhreacha gutháin agus facs, mar íomhánna (pictiúir) seachas mar théacs a fhágann go bhfuil sé níos deacra na sonraí a fháil go huathoibríoch.
  - (iii) Ní bheifear in ann áiseanna cuardaigh ilchritéir nó áiseanna cuardaigh eile a úsáid le ainmneacha, seoladh r-phoist, seoladh, uimhreacha facs ná gutháin.
  - (iv) Ní mór dóibh siúd go léir a sheolann fiosrúchán isteach go dtí bunachar *WHOIS* ráiteas dlí agus téarmaí agus coinníollacha *WHOIS* a léamh agus a shíniú a chuirfidh an úsáideoir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:
    - a) soláthraítear seirbhísí *WHOIS* chun críocha faisnéise amháin;
    - b) trí fhiosrúchán a chur isteach comhaontaíonn an t-úsáideoir gan an fhaisnéis a úsáid:
      1. chun seoladh fograíocht tráchtála gan iarraidh nó sirtheoireachtaí eile le ríomhphost nó eile a cheadú, a chumasú;
      2. chun díriú ar fhógraíocht in aon tslí;
      3. chun an Cláraí a chrá in aon tslí trí theachtaireachtaí a sheoladh chuige.

Chun “mianadóireacht sonraí” a chosc ag baint úsáide as an modh ordaithe théacsúil, is féidir uasmhéid de 60 ainm fearainn laistigh de 60 soicind a aisghabháil ón seoladh IP céanna.

## 2.6. Sonraí pearsanta a nochtadh

D’fhéadfadh cúiseanna dlisteanacha a bheith ag tríú páirtithe atá ag iarraidh go ndéanfaí sonraí pearsanta daoine nádúrtha a nochtadh nach bhfuil foilsithe in *WHOIS*, ach atá próiseáilte ag an gClárlann le go mbainfí úsáid inmheánach astu faoi réir Alt 1.2 anseo.

Ní mór don tríú pháirtí iarratas a dhéanamh iad féin ar na sonraí seo trí fhoirm iarratais a sheoladh isteach agus:

- (i) cúis agus bunús a thabhairt leis na cúiseanna dlisteanacha atá leis an iarratas

- (ii) séanadh a léamh agus a chomhaontú a éilíonn ar an tríú páirtí gan an fhaisnéis atá curtha ar fáil a úsáid chun críocha eile ach amháin ar chúiseanna a bhfuil bonn chirt leo mar a luaitear thuas.
- (iii) a ainm agus seoladh iomlán a thabhairt (seoladh r-phoist, uimhir ghutháin agus facs, agus uimhir na cuideachta san áireamh más duine dleathach é an tríú páirtí)

Ní thabharfaí cead rochtana don tríú páirtí atá ag lorg faisnéise ach amháin má chomhlíonann siad na riachtanais go léir nó má ordáítear don Chlárlann ag údarás breithiúnach taobh istigh den Aontas Eorpach an rochtain a cheadú.

Tá sé de chead ag an gClárlann na himeachtaí cuí breithiúnacha a thionsnamh in aghaidh aon tríú páirtí a sháraíonn an tAlt seo.

## 2.7. Rochtain Idirlín

Don áis atá bunaithe ar an nGréasán beidh soláthar rochtana ar leith chun a chinntiú go bhfuil fáil chothrom ag daoine lagamhairc ar fhaisnéis *WHOIS*.

Taispeánfar an cód randam a ghintear go huathoibríoch sula bhfaightear freagra ar fhiosrú a thaispeáint randamach i dhá shórt datha ag áisiú rochtain d'úsáideoirí dathdhall

Is féidir le gach úsáideoir lagamhairc pasfhocal speisialta a lorg ón gClárlann chun teacht ar shonraí sa tslí nach mbeadh orthu cód randamach a chló isteach agus chun seoltaí r-phoist a fháil i bhfoirm gnáth-théacs in ionad íomhánna a dhéanann an seoladh r-phoist a thaispeáint.

Chun “mianadóireacht sonraí” a chosc ag baint úsáide as pasfhocal speisialta is féidir uasmhéid de 100 focal sa lá a fháil.

Iarrfar ar úsáideoirí lagamhairc teastas ag deimhniú a míchumais a chur ar fáil don Chlárlann. Is féidir an teastas seo a sheoladh go dtí an Chlárlann leis an bpost nó ar r-phost agus ba chóir é a bheith eisithe ag an údarás freagrach. Ní mór r-phost an úsáideora atá ag lorg an pasfhocail speisialta a bheith san áireamh san iarratas ar an bpasfhocal speisialta mar go bhfaighidh an t-úsáideoir é le r-phost.

Déileálfaidh an Chlárlann leis na hiarratais seo faoi rúndacht iomlán agus ní sheolfaidh siad aon eolas go dtí tríú páirtithe.